# Cairt um Chabhair Chonsalachta

An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

Cuireann an Roinn Gnóthaí Eachtracha cabhair chonsalachta ar fáil do shaoránaigh a mbíonn deacrachtaí acu thar lear trína líonra Ambasáidí agus Consalachtaí, agus tríd an Stiúrthóireacht Chonsalachta in Éirinn. Táimid tiomanta do bheith freagrúil, gairmiúil agus tacúil inár dteagmháil, agus do gach cás a láimhseáil faoi rún.

## Eolas roimh thaisteal

- Lean **Comhairle Taistil** na Roinne
- Seiceáil go bhfuil do **phas** bailí agus tabhair leat do **chárta pas** freisin nuair is gá
- Faigh **árachas taistil** cuimsitheach
- Tabhair leat do **Cárta Eorpach um Árachas Sláinte** nuair atá tú ag taisteal san Eoraip
- Bíodh víosa bhailí agat nuair is gá
- Sula dtéann tú, cláraigh ar ardán Clárúcháin Saoránaigh na Roinne
- Seiceáil cad iad na vacsaínithe a mholtar do do thuras
- Roinn do phleananna taistil le do theaghlach agus le do chairde

## Is féidir linn

- ✓ Comhairle agus cúnamh praiticiúil a thairiscint duit i gcás báis, gortú tromchúiseach, coinneála, nó éigeandála eile thar lear
- ✓ Doiciméad taistil sealadach a eisiúint duit i gcúinsí éigeandála
- ✓ Eolas a chur ar fáil duit ar thacaíochtaí áitiúla dlí agus leighis
- ✓ Comhairle a chur ort maidir le cleachtais áitiúla ábhartha, agus maidir le heagraíochtaí agus seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith in ann cúnamh breise a chur ar fáil duit
- ✓ Teagmháil a dhéanamh le do theaghlach nó cairde ar do shon
- ✓ Cúnamh a chur ar fáil i gcás éigeandála/géarchéime thar lear

## Ní féidir linn

- ✗ Comhairle dlí a chur ar fáil duit, ionadaíocht dhlíthiúil a dhéanamh duit nó idirghabháil a dhéanamh i bpróisis bhreithiúnacha tíre eile. Ba chóir duit a bheith ar an eolas gur féidir le dlíthe agus cleachtais ar fud an domhain a bheith difriúil go mór
- ✗ Tionchar a imirt ar chinntí víosa nó inimirce tíortha eile
- ✗ Comhairle leighis a thabhairt duit nó íoc as do bhillí leighis
- ✗ Idirghabháil a dhéanamh i gcúrsaí tráchtála nó árachais nó i ndíospóidí
- ✗ Tacaíocht airgeadais a chur ar fáil

**Comhoibriú an Aontais Eorpaigh**

Is féidir le saoránaigh an AE cabhair chonsalachta a lorg ó Bhallstáit eile an AE thar lear mura bhfuil ionadaíocht chonsalachta ag a dtír féin. Féach **consal-protection.ec.europa.eu** le haghaidh tuilleadh eolais.

## Téigh i dteagmháil linn

### In Éirinn

An tAonad um Chabhair Chonsalachta
Luan-Aoine, 9am-5pm
+353 (0)14082527

Éigeandálaí Lasmuigh d'Uaireanta Oibre agus Deireadh Seachtaine
+353 (0)14082000

### Eolas roimh thaisteal

Tabhair cuairt ar **ireland.ie** nó scan an cód QR le haghaidh tuilleadh eolais.

### Thar lear

Tabhair cuairt ar **ireland.ie/dfa/embassies** nó scan an cód QR le haghaidh tuilleadh eolais.